

# Gradam Shean-Nós Cois Life 8pm Satharn 01 Aibreán 2023

Club na Múinteoirí, 36 Cearnóg Pharnell Thiar, Baile Átha Cliath 1



## Gradam Shean-Nós Cois Life 2023

Is cúis áthais dúinn a fhógairt go mbeidh

**Gradam Shean-Nós Cois Life 2023**

á bhronnadh ar an scothamhránaí

**Ciarán Ó Gealbháin**

ón Seanphobal i gContae Phort Láirge.

Bronnfar an gradam ag seisiún mór amhránaíochta agus ceoil

ar an Satharn 01 Aibreán 2023

i gClub na Múinteoirí, 36 Cearnóg Pharnell Thiar, Baile Átha Cliath 1

ag tosú ag 8pm.

Fáilte roimh chách chuig an gceiliúradh seo áit a mbeidh seans agat cúpla amhrán a chasadh agus cúpla tiúin a sheinm inár dteannta!

### **Ciarán Ó Gealbháin - Gradam Shean-Nós Cois Life 2023**

Aithnítear Ciarán mar dhuine de scothamhránaithe dúchasacha na tíre seo. Tá staidéar acadúil déanta aige ar shaibhreas an traidisiúin chultúrtha seo ach thar aon rud eile aithnítear é toisc feabhas a chuid amhránaíochta fhéin. Cúram, cruinneas agus croí na tréithe is mó a bhaineann lena chuid amhránaíochta, rud a léiríonn a mheas ar na hamhránaithe a tháinig roimhe agus ar amhránaithe eile a linne.

## Sean-Nós Cois Life

Is in 1992 a bunaíodh an fhéile Sean-Nós Cois Life rud a chiallaíonn go mbeidh an 32ú féile á ceiliúradh againn in 2023. Ón gcéad fhéile a bhí againn in 1992 tá muid ag cur amhránaíocht dhúchasach na Gaeilge chun cinn ar bhealach oscailte fáiltiúil.

Bronntar Gradam Shean-Nós Cois Life gach bliain ar dhuine nó ar dhaoine a meastar go bhfuil saibhriú faoi leith déanta acu ar amhránaíocht dhúchasach na Gaeilge thar na blianta.

Is féidir an scéal atá sa bpreasráiteas seo a scaipeadh láithreach.

Tuilleadh eolais: [www.seannos.ie](http://www.seannos.ie)

@SeanNosCoisLife

[sncl2009@gmail.com](mailto:sncl2009@gmail.com)

## Le tacaíocht ó



**An Góilín**



ENGLISH VERSION BELOW:

## Gradam Shean-Nós Cois Life

8pm Saturday 01 April 2023

The Teachers' Club, 36 Parnell Sq West, Dublin 1



## Gradam Shean-Nós Cois Life 2023

We are delighted to announce that  
**Gradam Shean-Nós Cois Life 2023**  
will be presented live to the traditional singer  
**Ciarán Ó Gealbháin**  
from An Seanphobal, Contae Phort Láirge  
during an open  
Session of traditional song and music  
on Saturday 01 April 2023  
in The Teachers's Club, 36 Parnell Sq West, Dublin 1  
starting at 8pm.

Everybody is welcome to join in this celebration where you will have a chance to sing or listen to a couple of traditional songs and listen to or play a few tunes!

### **Ciarán Ó Gealbháin - Gradam Shean-Nós Cois Life 2023**

*Ciarán Ó Gealbháin is widely recognised and respected as one of Ireland's foremost traditional singers in the Irish language. He has engaged in academic study of this rich cultural tradition but is held in the highest regard mainly for his own singing which bears all the hallmarks of a traditional singer who is steeped in the genre. The excellence of his singing and his interpretation of the major songs of the tradition is nothing short of breath-taking.*

## Sean-Nós Cois Life

*The Sean-Nós Cois Life festival was first founded in 1992 so 2023 sees us celebrate our 32nd festival. From 1992 to the present moment the Sean-Nós Cois Life festival has been encouraging traditional singing in the Irish language in an open, friendly and welcoming atmosphere.*

*The Gradam Shean-Nós Cois Life award is presented each year in recognition of the special contribution made by its recipient to traditional singing in the Irish language.*

**The information in this press-release is not subject to embargo and may be released at any time.**

For more information:

[www.seannos.ie](http://www.seannos.ie)

@SeanNosCoisLife

[sncl2009@gmail.com](mailto:sncl2009@gmail.com)

**With support from:**



**An Góilín**

